Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2024/2124(INI)

16.07.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar fhiontraíocht na mban i gceantair thuaithe agus oileánacha agus sna réigiúin is forimeallaí
(2024/2124(INI))

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

Rapóirtéir: Elżbieta Katarzyna Łukacijewska

ÁBHAR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 8

IARSCRÍBHINN: DEARBHUITHE IONCHUIR 10

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar fhiontraíocht na mban i gceantair thuaithe agus oileánacha agus sna réigiúin is forimeallaí
(2024/2124(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Threoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha[1],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe[2],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle[3],

– ag féachaint do Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Comhionannas Inscne, 2020-2025,

– ag féachaint don Chiste Eorpach Infheistíochta agus do Straitéis Inscne Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta[4],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste um Aistriú Cóir agus leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí[5],

– ag féachaint don Chlár um Cheannaireacht na mBan ón Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht agus ón gComhairle Nuálaíochta Eorpach[6],

– ag féachaint do phleananna an Limistéir Eorpaigh Taighde maidir le comhionannas inscne[7],

---

[1] IO L 204, 26.7.2006, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/54/oj.
[2] IO L 132, 17.5.2023, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/970/oj.
[3] IO L 188, 12.7.2019, lch. 79, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1158/oj.
[4] https://www.eib.org/en/publications/online/all/eib-evaluation-gender-strategy.
[5] IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj.
[6] https://www.eit.europa.eu/our-activities/opportunities/eic-women-leadership-programme.
[7] https://rea.ec.europa.eu/publications/impact-gender-equality-plans-across-european-research-area-0_en.

– ag féachaint dá rún an 3 Bealtaine 2022 maidir le neamhspleáchas eacnamaíoch na mban a bhaint amach trí fhiontraíocht agus trí fhéinfhostaíocht[8],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A10-0000/2025),

A. de bhrí go bhfuil ról lárnach ag mná i ngeilleagair thuaithe, ach go bhfuil bacainní dlíthiúla, airgeadais, cultúrtha agus bonneagair fós rompu ar fhiontraíocht agus ar neamhspleáchas eacnamaíoch; de bhrí go bhfuil ceantair thuaithe ina ndlúthchuid de mhodh maireachtála na hEorpa, ós rud é go léirítear leo an chothromaíocht idir an traidisiún agus an dul chun cinn;

B. de bhrí go bhféadtar fiontraithe céaduaire a chumhachtú le tacaíocht phraiticiúil spriocdhírithe, e.g. micriasachtaí, meantóireacht agus nósanna imeachta simplithe;

C. de bhrí go bhfuil dúshláin agus bacainní níos déine roimh mhná sna réigiúin is forimeallaí agus sna réigiúin iargúlta mar gheall ar leithlisiú, aosú an daonra agus seirbhísí teoranta;

D. de bhrí go bhfuil sé fós deacair an fhiontraíocht a réiteach le saol an teaghlaigh, go háirithe i gceantair thuaithe ina bhfuil seirbhísí poiblí teoranta;

E. de bhrí go mbaineann foréigean inscnebhunaithe, stiogma agus easpa tacaíochta an bonn de rannpháirtíocht na mban sa saol sóisialta agus eacnamaíoch i gceantair thuaithe mar gheall ar easpa líonraí tacaíochta agus róil thraidisiúnta inscne níos suntasaí;

F. de bhrí go bhfuil cuimsiú digiteach bunriachtanach do mhná chun rochtain a fháil ar oiliúint, ar mhargaí, agus ar chianobair agus ar dheiseanna nuálaíochta; de bhrí gur féidir le hoideachas eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) do chailíní cabhrú le bearnaí idir na hinscní a dhúnadh;

G. de bhrí go rannchuidíonn tacaíocht do mhná in earnálacha na feirmeoireachta, na ceardaíochta traidisiúnta agus na cruthaitheachta le hathléimneacht eacnamaíoch áitiúil, le caomhnú cultúrtha agus le hathnuachan ó ghlúin go glúin;

H. de bhrí go bhfuil sonraí atá imdhealaithe de réir inscne bunriachtanach chun beartais fiontraíochta tuaithe a fhorbairt lena dtugtar aghaidh go héifeachtach ar riachtanais shonracha na mban;

Príomhshruthú an iomaíochais

1. á chur i bhfáth go bhfuil banfhiontraithe ina bpríomhspreagthóir don nuálaíocht, don chomhtháthú agus don iomaíochas i gceantair thuaithe; á iarraidh go mbeadh rochtain níos fearr ar chistiú nuálaíochta, cláir thacaíochta shaincheaptha d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus deiseanna laistigh de na geilleagair ghlasa agus dhigiteacha, lena n-

[8] IO C 465, 6.12.2022, lch. 54.

áiritheofar gur féidir le banfhiontraithe páirt iomlán a ghlacadh i margaí atá ag teacht chun cinn;

2. á iarraidh go ndéanfaí líonraí meantóireachta struchtúrtha agus ardáin phiarfhoghlama a fhorbairt, go háirithe i réimsí amhail digitiú, airgeadas agus riarachán;

3. ag tathant ar na Ballstáit scéalta ratha na mbanfhiontraithe tuaithe a chur chun cinn trí fheachtais feasachta chun infheictheacht, muinín agus rannpháirtíocht an phobail a threisiú;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, anailís a dhéanamh ar phríomhbhacainní ar fhostaíocht agus ar fhiontraíocht na mban, lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí agus sna réigiúin iargúlta;

5. ag tacú le straitéis an Choimisiúin maidir leis an aontas coigiltis agus infheistíochta agus le hionstraimí airgeadais cuimsitheacha a chruthú agus a leathnú, lena n-áirítear cuntas coigiltis infheistíochta le lipéad an Aontais chun rochtain ar mhaoiniú a mhéadú agus a éascú do chuideachtaí an Aontais;

6. á iarraidh go ndéanfaí infheistíochtaí spriocdhírithe i mbonneagar digiteach, i bhforbairt scileanna agus i gcreataí beartais digiteacha cuimsitheacha lena n-áiritheofar nach bhfágfar mná tuaithe ar lár san aistriú digiteach;

7. á iarraidh go mbeadh bearta spriocdhírithe ann chun feabhas a chur ar rochtain na mban ar thalamh, ar airgeadas, ar oideachas agus ar oiliúint, go háirithe d'fheirmeoirí ban agus d'úinéirí gnó ban atá ag teacht chun cinn;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún cistiú leormhaith a chur in áirithe laistigh de chláir ábhartha chun tacú le fiontair atá faoi stiúir na mban i gceantair thuaithe agus iargúlta, go háirithe in earnálacha nuálacha agus in earnáil na turasóireachta;

Príomhshruthú ullmhachta

9. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh scileanna digiteacha agus ábhair ETIM san áireamh san oideachas ar bhealach atá i gcoinne steiréitíopaí díobhálacha inscne agus a thacaíonn le teagasc cuimsitheach maidir le toiliú agus cearta;

10. ag tathant ar na Ballstáit oiliúint, seirbhísí éigeandála agus bonneagar atá íogair ó thaobh inscne de, a chur ar fáil chun an tionchar atá ag géarchéimeanna ar phobail tuaithe a mhaolú;

Cultúr agus ceardaíocht thraidisiúnta

11. ag moladh na bpobal a ghlacann lena bhfeirmeoireacht áitiúil faoi stiúir na mban, agus le saothair cheardaíochta thraidisiúnta amhail iad siúd arna gcothú ag cumainn ban tí áitiúla, séadchomharthaí agus músaeim, a fheidhmíonn gach ceann acu chun an turasóireacht agus an bród sóisialta a chothú laistigh den phobal áitiúil;

12. ag cur béim ar acmhainneacht shocheacnamaíoch na ceardaíochta traidisiúnta agus na ngeilleagar ciorclach áitiúil, go háirithe do mhná scothaosta; á iarraidh ar an gCoimisiún

agus ar na Ballstáit tacú leis an bhfiontraíocht idirghlúine agus le slabhraí luacha ceardaíochta trí ghníomhaíochtaí oiliúna, cistiúcháin agus infheictheachta;

13. ag spreagadh chur chun cinn na foghlama ar feadh an tsaoil, aitheantas don fhoghlaim roimhe sin, agus cuimsiú digiteach do mhná scothaosta i gceantair thuaithe;

14. á iarraidh go dtabharfaí níos mó tacaíochta do thraidisiúin lámhcheardaíochta atá ann leis na céadta bliain amhail fíodóireacht, bróidnéireacht agus criadóireacht, mar atá cothaithe ag go leor comhlachais ban tí tuaithe;

An fheirmeoireacht

15. á chur i bhfáth gur gá infheictheacht, aitheantas agus tuiscint ar rannchuidiú na mban sa talmhaíocht a chur chun cinn, lena n-áirítear ar fheirmeacha teaghlaigh; á iarraidh go mbeadh rochtain chomhionann inscne ann ar thalamh, ar chistí an chomhbheartais talmhaíochta (CBT), ar sheirbhísí comhairleacha, ar thacaíocht nuálaíochta agus ar chearta comharbais;

16. ag spreagadh na mBallstát sonraí atá imdhealaithe de réir inscne a bhailiú maidir le húinéireacht talún, ceannaireacht talmhaíochta agus rannchuidiú neamhfhoirmiúil na mban;

17. á iarraidh go mbeadh bearta ann a thacaíonn le feirmeoirí óga baineanna, ós rud é go bhfuil athnuachan ó ghlúin go glúin ríthábhachtach chun gníomhaíocht talmhaíochta a choinneáil ar bun, rud a áirithíonn slándáil bia agus pobail tuaithe bhríomhara araon;

18. á iarraidh go mbeadh níos mó cuimsitheachta laistigh de cheantair thuaithe, agus go mbeadh limistéir athléimneacha agus dea-nasctha ann a chuireann táirgí agus seirbhísí slána ar ardchaighdeán ar fáil don tsochaí i gcoitinne;

Rochtain chomhionann ar bhonneagar agus ar sheirbhísí

19. á chur i bhfáth go bhfuil rochtain chothrom ar bhonneagar amhail idirlíon ardluais agus iompar iontaofa bunriachtanach chun go mbeidh mná tuaithe ábalta páirt a ghlacadh sa saol eacnamaíoch, oideachasúil agus sibhialta;

20. ag spreagadh infheistíochta i bhfiontair shóisialta, i gcomharchumainn agus i samhlacha gnó a bhaineann le cúram lena gcumhachtaítear mná tuaithe agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais áitiúla, amhail cúram leanaí, cúram do dhaoine aosta agus folláine an phobail;

21. á chur i bhfáth go ndéantar difear díréireach do mhná i réigiúin tuaithe agus oileánacha agus sna réigiúin is forimeallaí de bharr rochtain theoranta ar chúram sláinte, lena n-áirítear cúram máithreacha agus seirbhísí meabhairshláinte; á iarraidh ar na Ballstáit infhaighteacht, inacmhainneacht agus leanúnachas seirbhísí riachtanacha sláinte a áirithiú, trí chlinicí soghluaiste agus teililleigheas;

Foréigean

22. á aithint gur bacainn thromchúiseach é foréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear drochúsáid teaghlaigh, eacnamaíoch, ghnéasach agus shíceolaíoch, ar neamhspleáchas na mban agus ar a rannpháirtíocht sa saol eacnamaíoch i réigiúin tuaithe agus oileánacha;

23. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar tacaíocht leordhóthanach d'fhiontraíocht na mban i réigiúin tuaithe agus oileánacha agus sna réigiúin is forimeallaí faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil tar éis 2027, lena n-áirítear cistiú trí chláir ábhartha amhail CBT, Fís Eorpach, agus an Clár don Eoraip Dhigiteach; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá rochtain ar chistiú an Aontais a éascú d'fhiontair thuaithe, comharchumainn agus tionscadail phobalbhunaithe atá faoi stiúir ban;

24. á athdhearbhú go bhfuil gá le straitéis chuimsitheach AE d'fhiontraíocht na mban i réigiúin tuaithe agus oileánacha agus sna réigiúin is forimeallaí agus á iarraidh go ndéanfaí acmhainní airgeadais tiomnaithe agus sásraí cistiúcháin tiomnaithe a leithdháileadh go sainráite ar an straitéis seo;

°

° °

25. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is iad na mná sna réigiúin tuaithe, oileánacha agus is forimeallaí na príomhspreagthóirí d'fholláine an phobail, d'athléimneacht eacnamaíoch agus de chomhtháthú sóisialta. Ach ar fud an Aontais, lena n-áirítear i dtíortha amhail an Pholainn, tá bacainní sóisialta, airgeadais nó dlíthiúla fós rompu a chuireann teorainn lena rannpháirtíocht eacnamaíoch iomlán. Is é is aidhm don tuarascáil seo léargas a thabhairt ar na dúshláin sin agus moltaí praiticiúla spriocdhírithe á gcur chun cinn chun fiontraíocht, cuimsiú sóisialta agus neamhspleáchas eacnamaíoch fadtéarmach na mban i gcríocha tuaithe a neartú.

I roinnt mhaith Ballstát, bíonn tionchar díréireach ar mhná tuaithe ag an easpa rochtana ar mhaoiniú, ar chúram leanaí inacmhainne, ar naisc leormhaithe iompair, ar bhonneagar digiteach agus ar chórais tacaíochta atá íogair ó thaobh inscne de. Cé go bhfuil an bhearna phá idir na hinscní agus na hualaí maidir le cúram traidisiúnta fós ann i gcomhthéacsanna uirbeacha, is minic a mhéadaítear iad i gceantair thuaithe. Sa Pholainn, mar shampla, is minic a dhéanann mná i mbardais fhorimeallacha agus ísealdlúis obair chúraim gan íocaíocht le feirmeoireacht neamhfhoirmiúil saothair nó teaghlaigh ag an am céanna, gan aitheantas ná cosaint slándála sóisialta. Mar sin féin, tá sé cruthaithe ag tionscnaimh na cosmhuintire amhail comhlachais áitiúla na mban tí nó comharchumainn tuaithe gur féidir le mná a bheith ar thús cadhnaíochta i ngeilleagair áitiúla rathúla, oidhreacht chultúrtha a chaomhnú, agus éiceachórais nuálaíochta chuimsitheacha a thógáil, leis an tacaíocht cheart institiúideach.

Leagtar béim sa tuarascáil seo ar an ngá atá le haistriú ó idirghabhálacha aonair go cur chuige níos cuimsithí agus níos freagrúla ó thaobh inscne de. Iarrtar inti go ndéanfaí an comhionannas inscne a phríomhshruthú ar fud na mbeartas forbartha tuaithe, comhtháthaithe, digiteach agus talmhaíochta. Leagtar béim sa doiciméad freisin ar a thábhachtaí atá sé sonraí atá imdhealaithe de réir inscne a bhailiú, feasacht a mhúscailt maidir le rannchuidiú na mban le geilleagair áitiúla, agus tacú lena rannpháirtíocht in ETIM agus in aistrithe digiteacha. Tá bearta den sórt sin ríthábhachtach chun a áirithiú nach bhfágfar mná ar lár i gclaochlú na gceantar tuaithe.

Tugtar aird ar leith ar mhaoiniú a bheith ar fáil. Tá deacrachtaí díréireacha fós ag fiontraithe ban i gceantair thuaithe, go háirithe fiontraithe céaduaire nó iad siúd atá ag obair in earnálacha cúraim, turasóireachta nó ceardaíochta traidisiúnta, maidir le rochtain a fháil ar chreidmheas agus ar thacaíocht ghnó. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh sa tuarascáil tionscnamh Chuntas Coigiltis Infheistíochta an Aontais (ISA) agus iarrtar inti go ndéanfaí leagan tiomnaithe a chur in oiriúint do mhná tuaithe. Thairis sin, tathantaítear ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go n-áireofar sa chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) tar éis 2027 cistiú atá curtha in áirithe d'fhiontraíocht na mban faoi CBT, Fís Eorpach agus faoin gClár don Eoraip Dhigiteach.

Déantar machnamh sa tuarascáil freisin ar chineál an tsaothair tuaithe san fheirmeoireacht ó thaobh comhionannas inscne de. In ainneoin an róil lárnaigh atá ag mná i dtáirgeadh talmhaíochta agus i mbainistiú feirme, is minic a bhíonn siad dofheicthe i staidreamh oifigiúil agus i ndearadh beartais. Is dúshlán fós é rochtain ar thalamh, luach saothair cothrom, cearta comharbais agus rochtain ar chistí CBT. Mar a léiríodh i dtaighde a cuireadh faoi bhráid Choiste FEMM, tá patrúin amhail 'is é an mac an t-oidhre' agus tearcluacháil rannchuidithe na mban fós i réim i roinnt mhaith Ballstát, lena n-áirítear an Pholainn.

Sa bhreis ar eacnamaíocht, tugtar aghaidh sa tuarascáil ar an nasc idir rochtain ar sheirbhísí,

foréigean agus eisiamh. Is feiniméan forleathan é an foréigean inscnebhunaithe nach ndéantar tuairisciú air go minic i gceantair thuaithe mar gheall ar stiogma, easpa seirbhísí agus róil láidre thraidisiúnta inscne. Leagtar béim sa tuarascáil ar an ngéarghá atá le córais tacaíochta inrochtana, rúnda agus dea-mhaoinithe, agus le feasacht phobalbhunaithe agus bearta coisctheacha chomh maith.

Rud atá tábhachtach, ní hamháin go dtugtar freagairt sa tionscnamh seo do neamhionannais atá ann cheana; cuirtear fís ar fáil freisin. Fís d'fhorbairt chuimsitheach tuaithe nach bhfuil mná ina n-athsmaoineamh ach ina ngníomhaithe lárnacha. Fís nach bhfuil ceardaíocht thraidisiúnta, talmhaíocht, geilleagair chiorclacha agus nuálaíocht dhigiteach comheisiach ach fite fuaite ina chéile. Ina mbíonn obair na mban le feiceáil, ina bhfuil meas uirthi agus ina dtugtar tacaíocht di.

Tá an tuarascáil fréamhaithe i reachtaíocht agus i straitéisí an Aontais atá ann cheana, lena n-áirítear an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá, an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil, nó an Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025. Tá sé ailínithe le cuspóirí Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus le prionsabail an phríomhshruthaithe inscne agus an chomhtháthaithe chríochaigh.

Agus an tuarascáil seo á dréachtú, rinneadh breithniú ar aighneachtaí ó shaineolaithe acadúla, ón tsochaí shibhialta agus ó Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa. Is mian leis an Rapóirtéir buíochas a ghabháil leo siúd go léir a roinn a dtaithí, a n-anailís agus a samplaí praiticiúla. Bhí a n-ionchur ina chuidiú le treoirphlean beartais a mhúnlú atá uaillmhianach agus fréamhaithe san fhíorshaol.

Ní saincheist nideoige í fiontraíocht na mban i gceantair thuaithe. Baineann sé le ceartas, comhtháthú agus forbairt inbhuanaithe. Is mithid dúinn gníomhú anois.

IARSCRÍBHINN: DEARBHUITHE IONCHUIR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe sainleasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe sainleasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt-Éire
Yolo - you only live once
Vereniging Universiteiten van Nederland
Ollscoil na Gaillimhe
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach mhí na Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta éigeantach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI : http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).